Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7734/22**

**ENV 298**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 29 Márta 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D080007/01 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Cinntí 2014/312/AE, 2014/391/AE, 2014/763/AE, (AE) 2016/1332 agus (AE) 2017/176 a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú lena mbaineann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D080007/01.

---

Faoi iamh: D080007/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
D080007/01
[…](2022) XXX draft

**CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Cinntí 2014/312/AE, 2014/391/AE, 2014/763/AE, (AE) 2016/1332 agus (AE) 2017/176 a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú lena mbaineann**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Cinntí 2014/312/AE, 2014/391/AE, 2014/763/AE, (AE) 2016/1332 agus (AE) 2017/176 a mhéid a bhaineann le tréimhse bhailíochta chritéir Éicilipéad an AE agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú lena mbaineann**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE[1], agus go háirithe Airteagal 8(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le Bord an Aontais Eorpaigh um Éicilipéadú,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 go bhféadfaí Éicilipéad an AE a dhámhachtain ar tháirgí ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol le linn a saolré. Tá critéir shonracha Éicilipéad an AE le bunú do gach grúpa táirgí.

(2) Is le Cinneadh 2014/312/AE[2] a bhunaigh an Coimisiún critéir Éicilipéad an AE don ghrúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus do vearnaisí'. Tá tréimhse bhailíochta na gcritéar sin agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2022.

(3) Le Cinneadh 2014/391/AE[3] bhunaigh an Coimisiún Éicilipéad an AE do ghrúpa táirgí 'tochta leaba'. Tá tréimhse bhailíochta na gcritéar seo agus na gceanglas maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 28 Iúil 2022.

(4) Le Cinneadh 2014/763/AE[4] bhunaigh an Coimisiún Éicilipéad an AE do ghrúpa táirgí "táirgí sláinteachais ionsúiteacha". Tá tréimhse bhailíochta na gcritéar sin agus na ceanglais ghaolmhara maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 31 Nollaig 2022.

(5) Le Cinneadh (AE) 2016/1332[5], bhunaigh an Coimisiún critéir Éicilipéad an AE maidir leis an ngrúpa táirgí 'troscán'. Tá tréimhse bhailíochta na gcritéar seo agus na gceanglas maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 28 Iúil 2022.

---

1 IO L 27, 30.1.2010, lch. 1.

2 Cinneadh 2014/312/AE ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do phéinteanna laistigh agus lasmuigh agus do vearnaisí (IO L 164, 3.6.2014, lch. 45).

3 Cinneadh 2014/391/AE ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad AE a dhámhachtain do thochta leaba (IO L 184, 25.6.2014, lch. 18).

4 Cinneadh 2014/763/AE ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2014 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do tháirgí sláinteachais ionsúiteacha (IO L 320, 6.11.2014, lch. 46).

5 Cinneadh (AE) 2016/1332 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2016 lena mbunaítear na critéir éiceolaíocha chun Éicilipéad an AE a dhámhachtain do throscán (IO L 210, 4.8.2016, lch. 100).

(6) Le Cinneadh (AE) 2017/176[6] bhunaigh an Coimisiún critéir Éicilipéad an AE maidir leis an ngrúpa táirgí 'clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, bhunús coirc agus de bhunús bambú'. Tá tréimhse bhailíochta na gcritéar seo agus na gceanglas maidir le measúnú agus fíorú le dul in éag an 26 Eanáir 2023.

(7) I gcomhréir leis na conclúidí ar thángthas orthu sa tseiceáil oiriúnachta ar Éicilipéad an AE an 30 Meitheamh 2017[7], rinne an Coimisiún, mar aon le Bord AE um Éicilipéadú, measúnú agus dearbhú ar ábharthacht na ngrúpaí táirgí thuasluaite do scéim Éicilipéad an AE.

(8) Ina theannta sin, i gcomhréir leis na conclúidí ar thángthas orthu sa tseiceáil oiriúnachta ar Éicilipéad an AE an 30 Meitheamh 2017, cuireann an Coimisiún, mar aon le Bord AE um Éicilipéadú, réitigh chun feidhme chun feabhas a chur ar shineirgí do gach grúpa táirgí agus ionas go méadófar ar úsáid Éicilipéad an AE, lena n-áirítear grúpaí táirgí gaolmhara a chuachadh le chéile i gcás inarb iomchuí, agus é á áirithiú, le linn an phróisis athbhreithnithe, go dtugtar aird iomchuí ar chomhleanúnachas idir beartais ábhartha agus reachtaíocht an Aontais agus an fhianaise eolaíoch.

(9) Chun an t-aistriú chuig geilleagar níos ciorclaí a éascú a thuilleadh, tá an Coimisiún ag déanamh tástáil ar ionchorprú mhodh an Loirg Chomhshaoil Táirge (PEF)[8] in athbhreithniú ar chritéir Éicilipéad an AE maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha agus maidir le péinteanna laistigh agus lasmuigh agus do vearnais i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach chun geilleagar an Aontais i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche[9]. Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur le bailíocht chritéir Éicilipéad an AE a leagtar amach sna Cinntí 2014/312/AE agus 2014/763/AE ionas go mbeidh an Coimisiún in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir maidir le péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí a luaithe a bheidh an próiseas athbhreithnithe ar Rialacha Catagóire Maidir leis an Lorg Comhshaoil Táirge i dtaca le péinteanna maisiúla[10] curtha i gcrích ag an tionscal, agus chun an t-athbhreithniú leanúnach ar na critéir maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha a chur i gcrích, próiseas atá ag glacadh níos mó ama ná mar a bhí beartaithe, trí na torthaí ó na staidéir maidir lorg comhshaoil táirge a chomhtháthú.

(10) Ar an gcúis chéanna, tá athbhreithniú le déanamh ar Éicilipéad an AE do thochta leaba, do throscán agus do chlúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche agus le tionscnaimh reachtacha ghaolmhara a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a

---

6 Cinneadh (AE) 2017/176 ón gCoimisiún an 25 Eanáir 2017 lena mbunaítear critéir éiceolaíocha Éicilipéad an AE maidir le clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú (IO L 28, 2.2.2017, lch. 44).

7 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht dheonach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus Rialachán (CE) Uimh. 66/2010 ón bParlaimint agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le hÉicilipéad an AE (COM(2017) 355 final).

8 https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/policy_footprint.htm

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Plean nua Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche, (COM(2020)98 final).

10 https://ec.europa.eu/environment/eussd/smgp/documents/PEFCR_Decorative%20Paints_Feb%202020.pdf

chur le bailíocht chritéir Éicilipéad an AE a leagtar amach sna Cinntí 2014/391/AE, 2016/1332 (AE) agus 2017/176 (AE) go dtí an dáta deiridh céanna ionas go mbeidh an Coimisiún in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir do na trí ghrúpa táirgí le chéile, i gcomhréir le tionscnaimh reachtacha a bheidh ann amach anseo, agus iad a chuachadh le chéile más féidir.

(11) Ionas go mbeidh go leor ama ann chun na próisis athbhreithnithe maidir leis na grúpaí táirgí ar fad a chur i gcrích, agus chun leanúnachas an mhargaidh do cheadúnaithe a áirithiú, ba ceart tréimhse bhailíochta na gcritéar atá ann faoi láthair agus na gceanglas maidir le measúnú agus fíorú a fhadú go dtí an 31 Nollaig 2025 i dtaca le péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí, go dtí 31 Nollaig 2026 maidir le tochta leaba, go dtí an 31 Nollaig 2023 maidir le táirgí sláinteachais ionsúiteacha agus go dtí an 31 Nollaig 2026 maidir le troscán agus clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinntí 2014/312/AE, 2014/391/AE, 2014/763/AE, (AE) 2016/1332 agus (AE) 2017/176 a leasú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bunú le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 66/2010,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasú ar Chinneadh 2014/312/AE*

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2014/312/AE:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE i gcomhair an ghrúpa táirgí 'péinteanna laistigh agus lasmuigh agus vearnaisí' agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2025."

*Airteagal 2*

*Leasú ar Chinneadh 2014/391/AE*

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2014/391/AE:

*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE i gcomhair an ghrúpa táirgí 'tochta leaba' agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2026."

*Airteagal 3*

*Leasú ar Chinneadh 2014/763/AE*

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh 2014/763/AE:

*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE i gcomhair an ghrúpa táirgí 'táirgí sláinteachais ionsúiteacha' agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2023."

*Airteagal 4*

*Leasú ar Chinneadh (AE) 2016/1332*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2016/1332:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE i gcomhair an ghrúpa táirgí 'troscán' agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2026."

*Airteagal 5*

*Leasú ar Chinneadh (AE) 2017/176*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2017/176:

'*Airteagal 4*

Beidh critéir Éicilipéad an AE i gcomhair an ghrúpa táirgí 'clúdaigh urláir de bhunús adhmaid, de bhunús coirc agus de bhunús bambú' agus na ceanglais maidir le measúnú agus fíorú bailí go dtí an 31 Nollaig 2026."

*Airteagal 6*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Virginijus SINKEVIČIUS*
*Comhalta den Choimisiún*